



An Bhruiséil, 7 Nollaig 2020
(OR. en)

13770/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0341(NLE)

TRANS 578

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Nollaig 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 769 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó.

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 769 final.

Faoi iamh: COM(2020) 769 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2020
COM(2020) 769 final

2020/0341 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó.

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/[CUIR ISTEACH AN UIMHIR THAGARTHA] ón gComhairle ⁽¹⁾, shínigh an tAontas Eorpach an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó, shínigh an tAontas é an [...2020] ach é sin faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

Tá an raon feidhme geografach de Chomhaontú Interbus le haghaidh bhallstáit Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair (ECMT) agus le haghaidh na tíortha sin a luaitear in Airteagal 30(2) de Chomhaontú Interbus amháin. Seachas an tAontas Eorpach, is iad Poblacht na hAlbáine, Prionsacht Andóra, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Tuirc agus an Úcráin na Páirtithe Conarthacha atá ann faoi láthair leis an gComhaontú.

Féadfaidh aon tír atá ina ball iomlán de Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair iarratas a dhéanamh ar aontachas le Comhaontú Interbus.

Ní ball iomlán í Ríocht Mharacó ach tá stádas breathnóra aici i gComhdháil Eorpach na nAirí Iompair.

Ba cheart go ndéanfaí bunús dlí soiléir a chur ar fáil i gComhaontú Interbus maidir le haontachas Ríocht Mharacó.

Leis an bPrótacal, cuirtear Ríocht Mharacó leis an liosta tíortha a luaitear in Airteagal 30(2) ar féidir leo aontú do Chomhaontú Interbus. Liostaítear Poblacht San Mairíne, Prionsacht Andóra agus Prionsacht Mhonacó faoi Airteagal 30(2) cheana féin.

Aontachas féideartha Ríocht Mharacó⁽²⁾ le Comhaontú Interbus, rannchuideoidh sé le tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chaidreamh idirnáisiúnta um iompar paisinéirí, ar thurasóireacht agus ar mhalartú cultúrtha le tíortha nach bhfuil ina bPáirtithe le Comhaontú Interbus faoi láthair agus éascóidh sé an t-eagrúchán lena mbaineann.

Go deimhin, ba cheart a mheabhrú gur earnálacha tábhachtacha iad iompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus lena gcuirtear soghluaisteacht ar fáil do shaoránaigh Eorpacha a bhfuil struchtúr praghsanna inacmhainne aici. Is chun tairbhe shaoránaigh an Aontais, turasóirí eachtrannacha, tionscal na turasóireachta agus réigiúin na hEorpa araon a bheadh tuilleadh forbartha ar na hearnálacha sin lasmuigh den Aontas Eorpach.

Ba cheart an fhéidearthacht de rochtain ar an margadh a thairiscint do Ríocht Mharacó bunaithe ar fhorálacha Chomhaontú Interbus atá faoi réir chur chun feidhme *acquis* an Aontais i réimse iompair paisinéirí de bhóthar, lena n-áirítear sábháilteacht ar bhóithre,

¹ IO L[...], [...], lch. [...].

² I bhfianaise chásdlí na Cúirte i gcásanna C-266/16, C-104/16P, T-275/18 agus T-180/14, beidh an comhaontú infheidhme i gcríoch Ríocht Mharacó, ach ní bheidh sé infheidhme i gcríoch neamh-féinrialaitheach an tSahára Thiar.

forálacha teicniúla, cáilíochtaí tiománaí, rialacha sóisialta, cearta paisinéirí, an comhshaol agus ligean isteach don ghairm.

D'fhonn saincheisteanna rialachais a sheachaint, ba cheart do gach Páirtí Conarthach le Comhaontú Interbus an Prótacal a shíniú agus a fhorghníú, sular féidir le Ríocht Mharacó a bheith comhpháirteach.

Chun go mbeadh na Páirtithe Conarthacha le Comhaontú Interbus in ann an Prótacal a shíniú agus a thabhairt i gcrích, is iomchuí nach bhforálfá sa Phrótacal do thréimhse shonrach ina mbeadh sé ar oscailt lena shíniú.

Tiocfaidh an Prótacal sin i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina mbeidh an Prótacal sínithe agus formheasta nó daingnithe ag gach Páirtí Conarthach le Comhaontú Interbus.

D'athraigh Páirtí Conarthach amháin a ainmníocht go dtí Poblacht na Macadóine Thuaidh, athrú ar cheart é a léiriú sa Phrótacal freisin.

Léirítear freisin sa Phrótacal go bhfuil Prionsacht Andóra ina Páirtí Conarthach le Comhaontú Interbus anois.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Prótacal i gcomhréir le comhbheartas an Aontais Eorpaigh maidir le hiompar de bhóthar agus comhlánaíonn sé é. Tacaíonn sé le tíortha comharsanachta an Aontais Eorpaigh margadh iompair paisinéirí an Aontais a rochtain agus *vice versa*, rud a chruthaíonn creat rialála maidir le turasóireacht trasteorann a eagrú sa dá threo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le beartas comharsanachta an Aontais agus leis an gcaidreamh seachtrach.

2. TORTHAÍ Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid agus measúnú tionchair**

Is dea-thionchair iad na tionchair fhoriomlána lena bhfuiltear ag súil: síneadh Chomhaontú Interbus chuig tír amháin eile, chuirfeadh sé deiseanna nua ar fáil do na Páirtithe Conarthacha atá ann faoi láthair agus do Ríocht Mharacó. Ós rud é go gcuidíonn sé le *acquis* an Aontais a shíneadh chuig réimse iompair paisinéirí na tíre sin, is amhlaidh a bheidh dea-thionchair ag an togra ar na coinníollacha teicniúla, eacnamaíocha agus sóisialta faoina ndéanfar na hoibríochtaí ábhartha a chur i gcrích. Bheadh an tionchar foriomlán ar an gcomhshaol teoranta.

Go nuige seo, féadfaidh na hoibreoírí a bheith ina ngnóthais bheaga nó mheánmhéide a bhfuil flít beag de chóistí nó bhusanna acu nó féadfaidh siad a bheith ina gcuideachtaí móra a bhfuil flít mór acu.

- **Simpliú**

Le leathnú raon feidhme na rialacha is infheidhme maidir le hoibríochtaí iompair ócáideacha paisinéirí de chóiste agus de bhus faoi Chomhaontú Interbus, rannchuideofar le hiompar na n-oibríochtaí sin le tríú tír eile a shimpliú.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Bunús Dlí

Is é an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí, agus go háirithe an bunús dlí substainteach, Airteagal 91 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) CFAE.

- **An rogha ionstraime**

Foráiltear le hAirteagal 218(6)(a) CFAE do Chinneadh ón gComhairle mar an ionstraim is infheidhme.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Nóta ar bith.

5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

- **Socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Comhchoiste, a bunaíodh le hAirteagal 23 den Chomhaontú, meastóireacht ar fheidhmiú an Phrótacail gach cúig bliana.

Nós imeachta breise

Measann an Coimisiún gur gá tús a chur leis an nós imeachta chun an Prótacal a thabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, cuireann an Coimisiún an togra seo faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais, Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Forálacha sonracha an Chinnidh ón gComhairle atá beartaithe:

- Foráiltear le hAirteagal 1 den Chinneadh ón gComhairle do thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Interbus tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó.
- Baineann Airteagal 2 leis na cumhachtaí chun an Prótacal a thabhairt i gcrích.
- Foráiltear le hAirteagal 3 do theacht i bhfeidhm an Chinnidh ón gComhairle.

Forálacha sonracha an Phrótacail:

- Foráiltear le hAirteagal 1 do leasú Chomhaontaithe Interbus maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus tríd an deis a thabhairt do Ríocht Mharacó aontú don Chomhaontú.
- Le hAirteagail 2 go 6, cumhdaítear na gnásanna riaracháin chun go dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm, foráiltear go bhfuil ar gach Páirtí Conarthach an Prótacal a shíniú agus a aontú nó é a dhaingniú agus, dá réir sin, gur féidir le Ríocht Mharacó a bheith comhpháirteach sa Chomhaontú, agus forálacha a chuimsiú maidir leis an réimeas teanga.
- Foráiltear le hAirteagal 7 go dtiocfaidh an Prótacal sin in ionad an Phrótacail maidir le Ríocht Mharacó a bhí ar oscailt lena shíniú idir an 16 Iúil 2018 agus an 16 Aibreán 2019.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó.

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) Uimh. 2020/[CUIR ISTEACH AN UIMHIR THAGARTHA]¹ ón gComhairle, shínigh an tAontas Eorpach an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó ('an Prótacal'), shínigh an tAontas é an [dáta] ach é sin faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (2) D'fhonn saincheistanna rialachais a sheachaint, bheadh ar gach Páirtí Conarthach le Comhaontú Interbus an Prótacal maidir le Ríocht Mharacó a shíniú agus a fhormheas nó a dhaingniú, sular féidir leis an tír sin a bheith comhpháirteach. Níl aon tréimhse shonrach ann ina mbeadh an Prótacal ar oscailt lena shíniú. Thiocfadh an Prótacal i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina mbeidh sé daingnithe ag gach Páirtí Conarthach.
- (3) Thairis sin, cuirtear san áireamh sa Phrótacal gur athraigh Páirtí Conarthach amháin a ainmníocht, is é sin an Mhacadóin Thuaidh. Tagraítear freisin sa Phrótacal do Phrionsacht Andóra atá ina Páirtí Conarthach le Comhaontú Interbus anois.
- (4) Ar mhaithe le soiléireacht agus chun síniú agus teacht i bhfeidhm an Phrótacail a éascú, measadh gur iomchuí Prótacal nua maidir le Ríocht Mharacó a ullmhú, ceann a thagann in ionad an Phrótacail maidir le Ríocht Mharacó a bhí ar oscailt lena shíniú idir an 16 Iúil 2018 agus an 16 Aibreán 2019.

¹ Cinneadh (AE) 2020/[CUIR ISTEACH AN UIMHIR THAGARTHA] ón gComhairle an [dáta] maidir le síniú an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó (IO L, 2020 lch.).

(5) Ba cheart go rannchuideodh aontachas féideartha Ríocht Mharacó le Comhaontú Interbus, le forbairt a dhéanamh ar chaidreamh idirnáisiúnta um iompar paisinéirí, ar thurasóireacht agus ar mhalartú cultúrtha le tíortha nach bhfuil ina bPáirtithe le Comhaontú Interbus faoi láthair. Ba cheart go gcuideodh aontachas féideartha Ríocht Mharacó le Comhaontú Interbus freisin chun *acquis* an Aontais sa réimse um iompar paisinéirí a shíneadh chuig an tír sin. Ba cheart go mbeadh dea-thionchair aige seo ar na coinníollacha teicniúla, eacnamaíocha agus sóisialta faoina ndéanfar na hoibríochtaí ábhartha a chur i gcrích. Dá bhrí sin, Ríocht Mharacó a bhfuil stádas breathnóra aici i gComhdháil Eorpach na nAirí Iompair, ba cheart an deis a thabhairt di aontú do Chomhaontú Interbus.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a fhorghnóthú thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó a fhorghnóthú thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine a chumhachtófar chun dul ar aghaidh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun an ionstraim fhorghnóthú dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Phrótacal a thaisceadh, chun toiliú an Aontais Eorpaigh a chur in iúl maidir lena bheith faoi cheangal ag an bPrótacal.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha².

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

² Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.